C/2025/6447

1.12.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12182 — ČEZ / BCI / GAS DISTRIBUTION)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6447)

1. An 21 Samhain 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— ČEZ, a. s. ČEZ, a.s. ('ČEZ', an tSeicia), atá faoi rialú Phoblacht na Seice trína hAireacht Airgeadais,

— British Columbia Investment Management Corporation ('BCI', Ceanada),

— Gas Distribution s.r.o. ('Gas Distribution', an tSeicia), atá faoi rialú deiridh E.ON SE ('E.ON', an Ghearmáin) faoi láthair.

Gheobhaidh ČEZ agus BCI, trí GasNet, s.r.o. ('GasNet', an tSeicia), atá faoi rialú comhpháirteach ČEZ agus BCI, rialú comhpháirteach de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Gas Distribution.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá ČEZ gníomhach i dtáirgeadh, dáileadh, trádáil agus díol leictreachais agus teasa, trádáil, dáileadh agus soláthar gáis nádúrtha, mianadóireacht guail, oibriú seomraí coire gáis, teileachumarsáid, faisnéisíocht, taighde núicléach, pleanáil, tógáil, agus cothabháil saoráidí fuinnimh, mianadóireacht amhábhair, agus próiseáil seachtháirgí fuinnimh. Rialaíonn ČEZ, in éineacht le BCI, GasNet go comhpháirteach, ar leis an córais dáileacháin gáis a chumhdaíonn formhór mór chríoch na Seicia agus a oibríonn an córas sin,

— Is gníomhaire de chuid Rialtas British Columbia, Ceanada é BCI, a dhéanann infheistiú thar ceann chliaint san earnáil phoiblí ar fud raon aicmí sócmhainní, lena n-áirítear ioncam seasta, cothromas poiblí, cothromas príobháideach, bonneagar, acmhainní in-athnuaite, eastát réadach agus morgáistí tráchtála,

— Tá Gas Distribution gníomhach ó thaobh oibriú agus cothabháil líonra píblínte a úsáidtear le haghaidh dáileadh gáis nádúrtha i Réigiún na Boihéime Theas sa tSeicia go príomha agus ó thaobh seirbhísí gaolmhara a sholáthar.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12182 — ČEZ / BCI / GAS DISTRIBUTION

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË